UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland



# MÁISTIRPHLEAN DIGITEACH COC

GO BUAN **FEASTA** 2023-2028

# Daoine a Chónascadh le **seirbhísí digiteacha**



# Contents


| | |
|---|---|
| Focal ón Uachtarán | 4 |
| Ár bPobal a Chónascadh | 5 |
| Ár bPobal a Chónascadh | 7 |
| Seirbhísí Digiteacha Pobail a Chónascadh | 8 |
| Ár nDaoine a Chónascadh | 11 |
| Taighdeoirí a Chónascadh | 12 |
| Mic Léinn a Chónascadh | 15 |
| An Fhoireann Acadúil a Chónascadh | 18 |
| Ag Cónascadh Fhoireann na Seirbhísí Gairmiúla | 21 |
| Treochlár Digiteach | 24 |
| Máistirphlean Digiteach COC | 26 |
| Buíochas | 28 |

# Focal ón Uachtarán




Tá an domhan seo againne bunaithe níos mó ná riamh ar chónascadh agus ar shonraí agus níor chóir beag is fiú a dhéanamh den chumhacht atá ag cúrsaí digiteacha agus teicneolaíochta. Tá COC meáite ar lántairbhe a bhaint as an gcumas seo chun go mbeimid in ann eolas a chur chun cinn, nuálaíocht a ghríosú agus mórthionchar a imirt ar an tsochaí. Mórchúis áthais dom Máistirphlean Digiteach Choláiste na hOllscoile Corcaigh, 2023-2028 a chur i láthair. Forbraíodh an Máistirphlean Digiteach seo mar fhreagra ar Phlean Straitéiseach na hOllscoile: Go Buan Feasta (2023-2028) agus cuirtear treochlár ar fáil dúinn ann chun deimhin a dhéanamh de go n-úsáidimid an teicneolaíocht ar mhaithe le breis nuálaíochta, lúfaireachta agus feabhais, rud a chlaochlóidh an tslí ina n-oibrímid agus ina bhfoghlaimímid.

Cuirfear ar ár súilibh sa Mháistirphlean Digiteach seo cumhacht chlaochlaitheach na teicneolaíochta chun pobal uile COC a chónascadh leis an eolas agus na seirbhísí a bhfuil gá acu leo chun a gcuid spriocanna a bhaint amach. Cabhróidh sé lénár gcéimithe bláthú i saol na hoibre, saol atá ag athrú. Beidh teacht níos fearr acu ar an bhfoghlaim ionchuimsitheach. Cothóidh sé taighde nuálach agus soláthróidh sé an teicneolaíocht is gá chun seirbhísí gairmiúla den chéad scoth a chur ar fáil.

Agus an campas seo againne á shaibhriú leis an teicneolaíocht dhigiteach, beidh ar ár gcumas comhoibriú agus cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh a bhuí le seirbhísí agus nascacht fheabhsaithe. Dúshlán nach beag is ea an t-athrú aeráide ar ár bpláinéad agus tá an plean seo mar chúnamh dúinn chun deimhin a dhéanamh de go laghdóimid ár lorg carbóin ach an teicneolaíocht a úsáid.

De bhua Mháistirphlean Digiteach COC beidh ár bpobal in ann lántairbhe a bhaint as cumhacht na nuálaíochta digití, cúrsaí taighde a athrú ó bhonn agus todhchaí a chruthú ina mbeidh fionnachtana ceannródaíocha agus tionchar sochaíoch. Cuirimis fáilte araon roimh an iliomad féidearthachtaí agus COC á chur chin cinn againn mar cheannródaí sa ré dhigiteach seo.



**AN tOLLAMH JOHN O'HALLORAN**
Uachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# Go Buan Feasta

## Ár bPobal a Chónascadh

Tá Máistirphlean Digiteach COC mar bhunchloch a chinntíonn go ndéanfaidh Stráitéis na hOllscoile an freastal cuí ar ár bpobal sa ré dhigiteach seo. Leagtar amach sa phlean ilbhliantúil seo an úsáid a bhaimfimid as an teicneolaíocht chun ár gcuspóirí straitéiseacha a chur ag obair agus cuirfear na nithe seo a leanas i gcrích:

- Beidh Todhchaíochtaí COC in ann úsáid a bhaint as córais agus sonraí chun ár gcuspóirí a bhaint amach ar bhonn digiteach.
- Cuirfear turas ionchumsitheach foghlama agus teagaisc cothrom ar fáil a bhfuil seirbhísí a fheabhsóidh eispéireas na mac léinn mar thaca aige.
- Úsáidfear sonraí agus teicneolaíocht chun ár dtionchar agus ár gcumhacht dhomhanda a mhéadú.
- Déanfar cuíchóiriú agus claochlú ar an tslí ina n-oibrímid ach úsáid a bhaint as uathoibriú, rud a laghdóidh dúbláil agus a fheabhsóidh éifeachtúlacht.
- Daingneofar ár n-ollscoil dhigiteach ach deimhin a dhéanamh de theacht aniar eagraíochtúil agus fás inbhuanaithe.


Cónascann an plean seo againne ár bpobal fairsing agus éagsúil leis na seirbhísí, an fhaisnéis agus an teicneolaíocht atá ag teastáil uainn go léir chun ár gcuid cuspóirí a bhaint amach.





# Go Buan Feasta

# Ár bPobal a Chónascadh




# Seirbhísí Digiteacha

# Pobail a Chónascadh

Cuirfear ar fáil leis an Máistirphlean Digiteach seo seirbhísí agus feabhsuithe do gach ball de phobal na hOllscoile agus beidh siad in ann na nithe seo leanas a bhaint amach:

- Taighde agus nuálaíocht a imríonn tionchar domhanda.
- Turas foghlama atá ionchuimsitheach, nua-aimseartha agus ullamh don saol oibre.
- Pobal domhanda de scoláire atá cónasctha.
- Feabhas inár gcuid seirbhísí gairmiúla; iad cuíchóirithe, simplithe agus cumasaithe ag an digitiú.
- Campas comhtháite ó thaobh digitithe de a chuireann ar fáil dár bpobail rochtain shábháilte agus sholúbtha ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí.

Déanfaidh Máistirphlean Digiteach COC na tionscdail agus na tionscnaimh a sholáthar chun go gcomhlíonfar na cuspóirí atá leagtha amach in Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC 2023 - 2028.





## Taighde agus Nuálaíocht

Fuinneamh a chur i dtreochlár Thodhchaíochtaí COC ach athrú soiléir a sholáthar i seirbhísí digiteacha agus sonraí. Cuirfidh amhlaidh ar chumas na hOllscoile a cuid cuspóirí taighde straitéisigh agus pleananna oibríochtúla  a chur i bhfeidhm.



## Rathúlacht na Mac Léinn

Eispéireas foghlama agus teagaisc a sholáthar atá cothrom agus cumasaithe go digiteach. Prionsabail seirbhíse Ask UCC mar bhonn aige, a thacaíonn le turas acadúil iomlán na mac léinn.



## Caidreamh Domhanda

Dea-theist COC mar ollscoil dhomhanda a thabhairt chun solais agus a fhorbairt ach cuir chuige nuálacha i leith seirbhísí sonraí agus digiteacha a úsáid. Tacóidh amhlaidh le hearcú, cumhacht agus tionchar domhanda.





## Ár bhFoireann, Ár gCultúr

Éiceachóras tecneolaíochtaí agus seirbhísí atá láidir agus cumasach a chuirfidh le heispéireas ár mball foirne. Cruthófar áit oibre ionchuimsitheach agus inbhuanaithe ina mbeidh níos mó ama ar fáil chun cónascadh le mic léinn agus chun diriú ar obair atá sásúil agus nuálach.

## Ár nÁit, Lorg Ár gCos

Ár gcampas cónasctha ar bhonn digiteach a chothú agus prionsabail na hoibríochta den chéad scoth, na hinbhuanaitheachta agus na slándála faisnéise mar bhonn aige. Agus ár gcampas cónasctha digiteach cinntithe, cuirfear le nuálaíocht, lúfaireacht agus feabhas, rud a chlaochlóidh ár gcuid oibre agus foghlama.

# Ár nDaoine a Chónascadh

Nuair a dhéantar daoine agus faisnéis a chónascadh is féidir linn dul chun cinn phobal ionchuimsitheach na scoláireachta a éascú ó thaobh na fionnachtana,  an fhiosraithe, na hoibre, an teagasic agus na foghlama de. Tugann na daoine seo a leanas léirú dúinn agus leagan siad béim ar an ról tábhachtach a imríonn teicneolaíocht na faisnéise chun cuspóirí ár mac léinn a bhaint amach mar aon le cuspóirí ár n-acadóirí, ár dtaighdeoirí agus ár mball foirne sna seirbhísí gairmiúla.



# Taighdeoirí a Chónascadh

## Anga

Is mise Anga Hackula, agus is ball me de Ghrúpa Taighde Fhuinneamh an Gheilleagair Chiorclaigh san Insitiúid um Thaighde Comhshaoil.

Is gá le comhoibriú ar líne i mo ghrúpa taighde mar aon le cónascadh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Is féidir a bheith ag obair ag baile nó thar lear gan dua toisc gur féidir teacht ar thorthaí taighde trí néalseirbhísí. Bhí tábhacht nach beag i mo chuid taighde le sonraí taighde a choimeád, a roinnt agus a phróiseáil ar bhonn sábháilte.

“Tagann an teicneolaíocht chun fóirithinte ar an taighde agus réitigh thábhachta á gcur ar fáil aici i ndáil le cuid de riachtanais phráinneacha ár sochaí.”



# Príomh-Thacaíochtaí d'Anga

## Riarachán Taighde a Shimpliú

Tá nuálaíocht agus fionnachtain den chéad scoth á soláthar ag Todhchaíochtaí COC. Tá raon nach beag teicneolaíochtaí mar bhonn ag Todhchaíochtaí COC mar thaca le riaradh, bainistiú agus optamú taighde. Ag obair le Taighde COC agus teicneolaíocht á húsáid chun gníomhaíochtaí a shimpliú, cosúil le bainistiú próifíle, bainistiú deontas agus faomhadh eitice, is féidir liom díriú ar mo chuid taighde. Cinntíonn na hardáin dhigiteacha leis go scaiptear mo chuid torthaí taighde chomh leathan agus is féidir i measc páirtithe leasmhara, rud a imríonn an tiocnhar is fearr.

## Seirbhísí Tacaíochta TF um Thaighde

Tá athrú as cuimse i gColáiste na hOllscoile Corcaigh ó thaobh an taighde de a bhuí le straitéis Thodhchaíochtaí COC. Mar thoradh ar aonad tacaíochta TF tiomnaithe is féidir leis an bhfoireann seo agamsa teacht ar an teicneolaícoht, an saineolas agus na seirbhísí atá de dhíth orainn chun bunús na n-acmhainní digiteacha taighde a fhorbairt agus a scálú.

## Bonneagar Taighde Tiomnaithe

Mar chuid de chlár oibre mo ghrúpa taighde, ní mór dom teacht ar mhórstóras digiteach agus ar ríomhaireacht agus táim lánchinnte go dtugtar tacaíocht do na seirbhísí seo agus go bhfuil siad sábháilte. Is cur chuige ar fud fad COC i leith riachtanas taighde atá glactha ag Taighde agus Nuálaíocht, an Leabharlann agus na Seirbhísí TF maidir lena gcuid seirbhísí digiteacha. Agus deiseanna nua ag teacht chun solais, is féidir leis an bhfoireann seo agamsa teacht go sábhailte ar an mbonneagar tecniúil mar thaca lenár gcuid taighde.

## Seirbhísí Sonraí Tacaithe go Digiteach

Nuair a bhainim úsáid as ardáin dhigiteacha agus seirbhísí tacaíochta na hollscoile, is féidir liom deimhin a dhéanamh de go bhfuil mo chuid oibre dea-bhainistithe, gur féidir teacht uirthi, í a fháil go solúbtha agus í a úsáid an athuair, rud a ligeann dom comhoibriú le comh-thaighdeoirí ar fud an domhain agus ar fud COC. Oibrím go dlúth leis an bhfoireann sa leabharlann a chuireann saineolas agus oiliúnt ar fáil i dtaca le foilseacháin scolártha, bibliméadracht agus coimeádaíocht sonraí taighde.



"I ndomhan an taighde agus na nuálaíochta, tá an teicneolaíocht mar dhroichead idir nithe a shamhlú agus iad a thabhairt chun solais. Is féidir nithe teibí a dhéanamh follasach, agus nithe dodhéanta a dhéanamh sodhéanta."


**Shabila Perveen, An Institiúid um Thaighde Comhshaoil.**

# Mic Léinn a Chónascadh

## Adina

Is mise Adina Zagoneanu agus is mac léinn leighis ó Chorcaigh mé. Ba mhór an chabhair dom le mo chuid staidéir agus ceachtanna an dea-thuiscint atá agam ar TF agus teacht atá agam ar na huirlisí agus na tacaíochtaí digiteacha atá ar fáil.

De bharr gur fhoghlaimíos na scileanna seo, d'éirigh liom tabhairt faoi thionscadail sheach-churaclaim chomh maith le post le tacaíocht TF na Mac Léinn mar a dtugaim cabhair do mhic léinn eile anois.



"Is féidir liom teacht ar theicneolaíochtaí agus ábhair ar ghléas ar bith ag tráth ar bith chomh maith leis na seirbhísí tacaíochta agus cuireann siad seo go léir go mór le mo chuid foghlama."

# Príomh-Thacaíochtaí d'Adina

## Uirlisí Digiteacha ar mhaithe le Naisc agus Fás

Níl aon deacracht ag baint le staidéar agus foghlaim a dhéanamh ar bhonn digiteach in COC de bharr na n-ardán foghlama agus comhoibritheach atá aige. A bhuí le bonneagar na hollscoile, is féidir liom teagmháil a dhéanamh le mo chomh-mhic léinn agus leis na léachtóirí go pearsanta nó ar líne. Cuireann aonaid ar nós na Leabharlainne, Ionad na Scileanna agus Chlár Thréithe an Chéimí na tacaíochtaí agus na tionscnaimh ar fáil dom chun mo chuid scileanna digiteacha a fhorbairt, rud a thacaíonn liom chun dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an léinn agus na gairme de.

## Seirbhísí agus Tacaíochtaí Pearsanta

Soláthraíonn COC seirbhísí digiteacha den chéad scoth san iliomad rann agus aonad. Tá cuid mhór de na seirbhísí digiteacha ar fáil ar líne 24/7 agus bíonn cúnamh ann in am an ghátair is mé ag teacht ar ábhair chúrsa nó nuair a bhíonn ceacht á sheoladh isteach agam. D'fhoghlaimíos faoi na tacaíochtaí ábhartha atá ar fáil do mhic léinn nuair a thánag go COC agus bhí teacht agam ar an eolas agus na seirbhísí cuí le Ask UCC, rud a d'imir tionchar suntasach ar mo thuras acadúil in COC.

## Eispéireas Oideachasúil Inbhuanaithe

Curadh is ea an ollscoil ó thaobh na hinbhuanaitheachta de agus í mar cheannródaí domhanda ina cur chuige agus ina tiomantas. Ar nós mo chomh-mhac léinn, tá tionchar na haeráide mar chloch ar mo phaidrín. Agus teicneolaíochtaí cliste cosúil le huathoibriú, pearsantú agus intleacht shaorga á n-úsáid aige, tá astaíochtaí agus dramhaíl á laghdú ag COC agus eispéireas an champais i gcoitinne á fheabhsú aige sa turas.

## Timpeallacht Foghlama Ionchuimsitheach

Cabhraíonn na Seirbhísí Digiteacha liom chun teacht ar an eolas agus an t-oideachas is gá chun dul chun cinn a dhéanamh. Ach seirbhísí ollscoile á ndearadh aige atá dírithe ar inrochtaineacht, cinntíonn COC seirbhís agus eispéireas níos fearr le haghaidh na mac léinn go léir. Cinntíonn dearadh uilíoch na foghlama cur chuige cothrom agus ionchuimsitheach i leith na slite ina bhfoghlaimíonn agus ina bhforbraíonn gach mac léinn. Baineann mo chuid léachtóirí an-úsáid as an réimse teicneolaíochtaí atá ar fáil d'fhonn deimhin a dhéanamh de gur féidir linn go léir dul chun cinn a dhéanamh inár gcuid léinn agus ina dhiaidh sin.



"Cuid thábhachtach de shaol sóisialta na mac léinn is ea an caidreamh ar an gcampas. Is féidir le mic léinn bláthú ar a dturas acadúil a bhuí le tacaíocht na n-uirlisí oideachais digiteacha atá ionchuimsitheach agus inrochtana."

Ali O'Mahony, Aontas na Mac Léinn, COC

# An Fhoireann Acadúil a Chónascadh

## Mike

Mike Murphy an t-ainm atá ormsa agus is léachtóir mé i Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí.

Múinim idir mhodúil fho - agus iarchéime, agus táim meáite ar gach leas a bhaint as cumais dhigiteacha COC chun dea-eispéireas a chinntiú ar mhaithe le mo chuidse mac léinn agus ar mhaithe liom féin i dtreo is gur féidir liom díriú ar theagasc, foghlaim agus measúnú atá éifeachtach.

"Tá spéis agam sna slite inar féidir leis an teicneolaíocht cur leis an eispéireas foghlama agus mé ag díriú go príomha ar an dea-oideolaíocht."



# Príomh-Thacaíochtaí do Mike

## Cur Chuige Cuíchóirithe i leith an Mheasúnaithe

Tá gá le cur chuige cuimsitheach i leith an mheasúnaithe agus ionracais acadúil chun eispéireas oideachasúil ar ardchaighdeán a chinntiú. Mar bhonn ag an bpróiseas measúnaithe tá na teicneolaíochtaí digiteacha le linn shaolré iomlán na scrúduithe a thacaíonn le dearadh, soláthar, marcáil agus aiseolas ar thorthaí measúnaithe le haghaidh mo chuidse mac léinn.

## Eispéireas Gafa le haghaidh na Mac Léinn de mo chuid

Tá an t-eispéireas sa seomra ranga mar chuid lárnach den chaidreamh atá ag an mac léinn leis an bhfoghlaim. Cuireann teicneolaíochtaí go mór le mo chuid teagaisc toisc go dtacaíonn siad le saghsanna éagsúla oideolaíochtaí, bíodh léachtaí hibride nó teagasc os comhair grúpa mór i gceist mar aon le samhail na malairte foghlama nó úsáid a bhaint as na córais idirghníomhacha chun foghlaim. Tacaíonn na teicneolaíochtaí le mo chuidse mac léinn agus liom féin araon.

## Foghlaim agus Teagasc bunaithe ar Shonraí

Múinim roinnt grúpaí móra de mhic léinn agus a bhuí le córais agus sonraí comhtháite, táim cinnte go bhfuil mo chuid ábhair teagasic ag dul i bhfeidhm ar mo chuid mac léinn ó sheachtain go seachtain. Má dheinim ábhair chuí chun cur leis an bpróiseas foghlama a dhíriú nó a dhearadh ar shlí ar leith, nó má thuigim nuair a bhíonn mic léinn ag streachailt, is féidir liom deimhin a dhéanamh de go bhfuil eispéireas cothrom ag na mic léinn go léir a thugann faoi mo chuidse modúl.

## Timpeallacht Dhigiteach Thacúil

Braitheann mo chuid teagaisc ar theicneolaíochtaí digiteacha agus tá teacht agam ar an gcomhairle, an tacaíocht, an oiliúint agus an saineolas is gá chun deimhin a dhéanamh de go mbainim úsáid éifeachtach astu. Táim muiníneach agus na córais agus na teicneolaíoctaí cuí á n-úsáid agam, rud a ligeann dom díriú ar mo chuid mac léinn, ar an discpilín agus ar an misean acadúil seo agamsa.


A unitary doctrine?

# Ag Cónascadh Fhoireann na Seirbhísí Gairmiúla

## Fiona

Is mise Fiona Thomson agus oibrím in Oifig an Airgeadais in COC.

Tá tábhacht nach beag le córais iontaofa agus chomhtháite chun gur féidir liom mo chuid oibre a dhéanamh. Mar chuid de mo ról mar Oifigeach Soláthair, bíonn orm athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí agus próisis thábhachtacha. Tá géarghá mar sin le teicneolaíocht atá an-iontaofa go deo.

“Toisc an dul chun cinn atá déanta in COC sna teicneolaíochtaí digiteacha tá níos mó solúbthachta agus éifeachtúlachta againne sa tslí ina n-oibrímid anois.”



# Príomh-Thacaíochtaí do Fiona

## Todhchaí na Oibre a Chumasú go Digiteach

Agus feidhmchláir bunaithe sa néal agam, mar aon le rochtain shábháilte ar fhaisnéis, is féidir liom obair gan stró is mé san oifig nó ag baile. Tá cuíchóiriú déanta ar phróisis na foirne atá agam mar thoradh ar an uathoibriú agus na sreafaí oibre digiteacha agus is féidir liom díriú ar thorthaí mo chuid oibre seachas a bheith ag plé le hathchleachtaí agus dúblú.

## Scileanna Digiteacha

Tá éiceachóras cumasach teicneolaíochtaí ag an ollscoil mar aon le raon tacaíochtaí agus seirbhísí i dtreo is go bhfuilim muiníneach agus cumasach chun iad a úsáid go héifeachtach. Nuair a thugaim faoin bhforbairt ghairmiúil, is féidir liom na scileanna digiteacha a fhorbairt chun bheith nuálach, chun fadhbanna a réiteach agus chun bheith níos éifeachtaí sa ról atá agam.

## Réitigh Teicneolaíochta Inscálaithe

Tá teacht aniar sna córais iontaofa a úsáidim agus mar sin is féidir liom anailís agus próiseáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a theastaíonn uaim go fuirist. De bharr go bhfuil slí chaighdeánaithe ann chun úsáid a bhaint as an teicneolaíocht agus na sonraí seo againne, cinntítear go bhfuil gach ball in COC ag oibriú go héifeachtach lena chéile agus go bhfuil scóip agus scála ar fáil dúinn agus sinn ag baint tairbhe as na teicneolaíochtaí digiteacha.

## Bainistiú Seirbhíse Cuíchóirithe

Eagraíocht mhór is ea COC agus tá raon aonad seirbhíse i gceist san eispéireas dúinn mar bhaill foirne. Is féidir liom ardáin nua-aimseartha agus chomtháite a úsáid chun ceisteanna a fhreagairt, chun comhairle a lorg agus chun polasaithe na hollscoile a chomhlíonadh. Is féidir liom fadhb a réiteach nó seirbhís a lorg gan an pictiúr iomlán a bheith agam de na grádlathais, na deacrachtaí agus na castachtaí atá in aonad ar bith. Toisc go dtagaim ar na réitigh chuí in am is i dtrátha, is féidir liom seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil do mo chuid páirithe leasmhara.




# Treochlár Digiteach



## Taighde agus Nuálaíocht

- Córas Faisnéise Taighde
- Bainistiú Sonraí
- Bonneagar Taighde
- Treochlár Digiteach na Leabharlainne



## Rathúlacht na Mac Léinn

- Rathúlacht na Mac Léinn
- Dearadh Uilíoch na Foghlama
- Ask UCC
- Saolré Riarachán na Mac Léinn
- Folláine na Mac Léinn



## Caidreamh Domhanda

- Caidreamh Domhanda
- Mol Sonraí COC
- Ábhar agus Ardáin Dhigiteacha
- Branda agus Tionchar Tacaithe go Digiteach




## Ár bhFoireann, Ár gCultúr

- Ár bhFoireann, Ár gCultúr
- Digitiú HR
- Todhchaí na hOibre
- Scileanna Digiteacha
- Ardáin Chumarsáide



## Ár nÁit, Lorg Ár gCos


- Ár nÁit, Lorg Ár gCos
- Cibearshlándáil
- Tionscadail Chaipitiúla agus Saolré
- Campas Digiteach
- Córais Chomhtháite agus Nua-Aimseartha





## Cumasóirí Straitéiseacha

- Cumasóirí Straitéiseacha
- Seirbhísí Digiteacha Stuama
- Comhlíonadh Digiteach
- Feabhas Oibríochtúil Comhpháirtíochtaí Iontaofa

# Saolré an Tionscadail Dhigitigh



# Go Buan Feasta: Máistirphlean Digiteach COC




UCC SOCIETIES
EST.1850

## Buíochas

Ní mór buíochas ó chroí a ghabháil le foireann agus mic léinn COC a roinn a gcuid ama agus comhairle, rud a chuir go mór leis an bplean seo. Tá buíochas ar leith ag dul chucu seo a leanas:

Deirdre Keane agus Tim O’Donovan, na Príomh-Eagarthóirí.

Tomás Tyner, Grianghrafadóir na hOllscoile as na híomhánna iontacha de phobal agus campas COC.

An Dr Gerard Culley Stiúrthóir na Seirbhísí TF, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Meán Fómhair 2023
Tabhair cuairt ar: it.ucc.ie

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland